Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2025
(OR. en)

14198/25

LIMITE

POLCOM 303
COMER 136

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear tús a chur le caibidlíocht d'fhonn modhnú a dhéanamh ar na lamháltais arna ndéanamh ag an tAontas i leith taraifí allmhairiúcháin is infheidhme maidir le táirgí áirithe cruach san Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht d'fhonn modhnú a dhéanamh ar na lamháltais arna ndéanamh ag an tAontas i leith taraifí allmhairiúcháin is infheidhme maidir le táirgí áirithe cruach san Eagraíocht Dhomhanda Trádála**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus le hAirteagal 218(4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Beidh gá le coigeartuithe áirithe tar éis forbairtí sna margaí domhanda mar gheall ar na lamháltais taraife atá ann cheana a rinne an tAontas i leith allmhairí táirgí áirithe cruach sa Chomhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Dá réir sin, ní mór leasú a dhéanamh ar na lamháltais atá ann cheana le haghaidh taraifí allmhairiúcháin ar na táirgí cruach sin a áirítear i sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais, atá i gceangal le Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 de chuid EDT (CGTT 1994), mar a modhnaíodh roimhe sin.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, an Coimisiún a údarú tús a chur le caibidlíocht faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 leis na Comhaltaí sin de EDT a bhfuil cearta caibidlíochta acu d'fhonn modhnú a dhéanamh ar na lamháltais taraife allmhairiúcháin reatha an Aontais ar na táirgí cruach sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Comhaltaí EDT a bhfuil cearta caibidlíochta acu, d'fhonn modhnú a dhéanamh ar na lamháltais taraife allmhairiúcháin a áirítear faoi láthair i sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais atá i gceangal le CGTT 1994, mar a modhnaíodh roimhe seo, i ndáil leis na catagóirí táirgí cruach a liostaítear in Iarscríbhinn 2.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhar leis an gCoiste um an mBeartas Trádála .

PUBLIC

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC